Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Samhain 2023**
**(OR. fr)**

**12247/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0222 (NLE)**

**AGRI 437**
**RELEX 964**
**FORETS 96**
**DEVGEN 156**
**ENV 904**
**PROBA 33**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair i ndáil le forfheidhmiú an dlí i dtaca le foraoisí, rialachas agus trádáil adhmaid agus táirgí díorthaithe chuig an Aontas Eorpach (FLEGT) |

**CINNEADH (AE) 2023/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair i ndáil le forfheidhmiú an dlí i dtaca le foraoisí, rialachas agus trádáil adhmaid agus táirgí díorthaithe chuig an Aontas Eorpach (FLEGT)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(3) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a) (v) agus Airteagal 218(7) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

[1] Toiliú an ... (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 21 Bealtaine 2003, ghlac an Coimisiún teachtaireacht chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa dar teideal *Forest Law Enforcement, Governance and Trade (FLEGT): proposal for an EU action plan* [Forfheidhmiú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí (FLEGT): togra le haghaidh plean gníomhaíochta AE]. Leis an bPlean Gníomhaíochta a leagtar amach sa teachtaireacht sin (‘Plean Gníomhaíochta FLEGT’) iarradh bearta chun aghaidh a thabhairt ar logánú neamhdhleathach trí chomhaontuithe comhpháirtíochta deonaí a fhorbairt le tíortha táirgthe adhmaid. Glacadh conclúidí ón gComhairle maidir leis an bplean gníomhaíochta i mí Dheireadh Fómhair 2003[1] agus glacadh rún ó Pharlaimint na hEorpa ar an ábhar an 11 Iúil 2005[2].

(2) I gcomhréir le Cinneadh (AE)2023/... ón gComhairle[3+], síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair i ndáil le forfheidhmiú an dlí i dtaca le foraoisí, rialachas agus trádáil adhmaid agus táirgí díorthaithe chuig an Aontas Eorpach ( ‘an Comhaontú’) an [ ][++], faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(3) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

1 IO C 268, 7.11.2003, lch. 1.

2 IO C 157E, 6.7.2006, lch. 482.

3 Cinneadh (AE) 2023/... ón gComhairle an ... maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair i dáil le forfheidhmiú an dlí i dtaca le foraoisí, rialachas agus trádáil adhmaid agus táirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach (FLEGT) (IO L ..., ELI: ...).

\+ IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Chinnidh atá i ndoiciméad ST 12245/23 agus sa fonóta, uimhir, dáta agus tagairt IO an Chinnidh sin.

++ IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta sínithe an chomhaontaithe atá in ST 12902/23.

*Airteagal 1*

Déantar leis seo an Comhaontú Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair i ndáil le forfheidhmiú an dlí i dtaca le foraoisí, rialachas agus trádáil adhmaid agus táirgí díorthaithe chuig an Aontas Eorpach a fhormheas thar ceann an Aontais[1+].

*Airteagal 2*

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 31 den Chomhaontú[2].

*Airteagal 3*

Is é an Coimisiún Eorpach a dhéanfaidh ionadaíocht thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste cur chun feidhme a chuirfear ar bun de bhun Airteagal 19 den Chomhaontú.

Féadfaidh na Ballstáit páirt a ghlacadh, mar chomhaltaí de thoscaireacht an Aontais, i gcruinnithe de chuid an chomhchoiste cur chun feidhme.

---

**1** Foilseofar téacs an Chomhaontaithe in ...[cuir isteach tagairt IO doiciméad ST 12902/23].

\+ Toscaireachtaí/IO: féach doiciméad ST 12902/23.

**2** Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

D’fhonn leasú a dhéanamh ar na hiarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú i gcomhréir le hAirteagal 26 den Chomhaontú, údaraítear an Coimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 11(3) a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005 ón gComhairle[1], leasuithe den sórt sin a fhormheas thar ceann an Aontais.

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005 ón gComhairle an 20 Nollaig 2005 maidir le scéim ceadúnúcháin FLEGT a bhunú i gcás allmhairí adhmaid isteach sa Chomhphobal Eorpach (IO L 347, 30.12.2005, lch. 1).